



Coláiste Aonad Bainistíochta	Oifig an Leas-Uachtaráin um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar
Scoil Aonad	Taighde agus Nuálaíocht UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair	Oifigeach Sinsearach Taighde – Foireann Tacaíochta Togra (Réamh-dhámhachtain)
Tréimhse an Phoist	Post sealadach 3 bliana
Grád	Oifigeach Riaracháin 1
Scála Tuarastail	€53,876 – 72,929 in aghaidh na bliana
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Bainistíocht agus Riarachán Taighde – Leibhéal Gairme 4
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2023-02-008
Bainisteoir Líne	Ceannaire Foirne, Foireann Tacaíochta Togra, Clár Thaighde nó ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais	019899
Riarthóir Acmhainní Daonna	Qiong Zhang
Costais Athlonnaithe	Ní bhaineann
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána	Ní bhaineann
Iarratais agus Dáta Deiridh	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre	Níl

Achoimre ar an bPost:

Is í UCD an ollscoil is mó in Éirinn atá dírithe ar thaighde, agus pobal acadúil éagsúil aici a chomhoibríonn le comhghleacaithe agus le comhpháirtithe i mbreis agus 200 tír ar fud an domhain. Is í an eagraíocht is mó in Éirinn do thaighde atá maoinithe ag an Aontas Eorpach, lena n-áirítear dámhachtainí móra ó Chomhairle Taighde na hEorpa agus cuibhreannais mhórsála Horizon Europe. Mar phríomhthosaíocht, cruthaíonn Taighde agus Nuálaíocht UCD na coinníollacha chun go n-éireoidh le taighde den chéad scoth, ag cur le cáil agus seasamh na hOllscoile mar chomhpháirtí iontaofa le haghaidh comhoibriú agus infheistíocht.

Oibríonn Foireann na gClár Taighde laistigh d'aonad Taighde agus Nuálaíochta UCD. Cuireann an Fhoireann tacaíochtaí taighde ar fáil chun forbairt agus aighneacht tograí iomaíocha a éascú. Is é príomhról na foirne comhoibriú le pobal taighde UCD, a gcumas agus a rath a fheabhsú maidir le maoiniú a fháil ar leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta.

Agus iad ag tuairisciú do Cheannaire Fhoireann Tacaíochta Togra, tá ról lárnach ag an Oifigeach Sinsearach Taighde i dtaca le tacaíocht ardleibhéil a chur ar fáil do phobal taighde UCD maidir le forbairt taighde gairmiúil. Is í an Fhoireann Tacaíochta Tograí an chéad phointe teagmhála do thaighdeoirí agus do chomhpháirtithe UCD ar mian leo iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú taighde. Cuireann an fhoireann cúnamh fairsing ar fáil i rith shaolré mhaoinithe tionscadal taighde, trí Chóras agus Tairseach Maoinithe Taighde UCD. Go sonrach, baineann sé seo le sonraí a chur ar fáil maidir le maoiniú taighde, foláirimh glaonna a eisiúint, féilire glaonna maoinithe a riaradh, ábhair thacaíochta ar líne a chur ar fáil, aiseolas a thabhairt ar thograí, agus athbhreithniú comhlíontachta a dhéanamh go dtí an aighneacht deiridh agus formhuiniú iomlán ó Thaighde UCD. Baineann an ról seo le comhoibriú le Scoileanna, Coláistí agus Institiúidí, aonaid tacaíochta lárnacha eile agus na Comhpháirtithe Taighde chun a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais na dtaighdeoirí go tráthúil agus go héifeachtach. Oibríonn an Fhoireann Tacaíochta Tograí go dlúth leis na gníomhaireachtaí maoinithe, leis na tacaíochtaí áitiúla, agus leis an bhfoireann chlárúcháin deontas chun comhtháthú éifeachtach a chinntiú idir céimeanna an phíblíne, an togra, an dámhachtain, an deontais agus an tionscadail. Feidhmeoidh an tOifigeach Sinsearach Taighde mar bhainisteoir líne laistigh den fhoireann freisin.